

Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim

Próisis Dearbhaithe Cáilíochta

Meán Fómhair 2017

An Brainse Staidrimh & Taighde Eacnamaíochta



Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Clár na nÁbhar

Clár na nÁbhar.....	2
Léargas Ginearálta	3
Tacar Sonrai Nua	4
Tabhair an Tacar Sonrai Nua Suas Chun Dáta.....	5
Próiseas Foilsithe	6
Cothabháil	7

Léargas Ginearálta

Tá achoimre sa doiciméad seo ar na próisis a úsáidtear i mBrainse Staidrimh & Taighde Eacnamaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim le cinntiú go bhfuil ardchaighdeán cailíochta ag baint le gach táirge staitisticí.

Leagtar amach sa doiciméad seo na céimeanna atá i gceist sa phróiseas táirgeachta le haghaidh gach ceann de na próisis (is é sin tacar sonraí nua a chruthú, tacar sonraí reatha a thabhairt suas chun dáta, &rl).

Ba chóir an doiciméad seo a léamh in éineacht leis an 'Ráiteas Cailíochta' agus le doiciméid eile chuí. Tá siad seo foilsithe chomh maith sa rannán Staitisticí ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim: <http://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/index.aspx>.

I gcás fiosruithe i dtaca le staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim, déan teagmháil le statistics@revenue.ie.

Tacar Sonraí Nua

Seo thíos na céimeanna atá i gceist le tacar sonraí nua, nó le táirgí eile staitisticí de chuid an Bhrainse Staidrimh & Taighde Eacnamaíochta a chruthú:

Roimh ré

1. Déan teagmháil leis an úinéir gnó – déan comhaontú maidir le húnéireacht na sonraí*
 - i. Seol litir chuig an úinéir gnó agus sonraí ann maidir le neamhnochtadh
2. Déan iniúchadh i dtaca le Sonraí Oscailte
3. Deimhnigh na Meiteashonraí
4. Ullmhaigh agus críochnaigh ráiteas i dtaca le modh an tacair sonraí nua
 - i. Déan tagairt sa ráiteas don ráiteas cailíochta agus don iniúchadh sonraí

Faigh an tacar sonraí

5. Déan piarmheasúnú – cinntigh neamhnochtadh staitisticí
 - i. Má theipeann ar an bpiarmheasúnú, téigh ar ais chuig an úinéir gnó
 - ii. Seachas é sin, lean ar aghaidh leis an bhfoilsiu
6. Iarr aistriúchán (ó sheirbhís inmheánach aistriúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim)
7. Cuir leis na féilirí inmheánacha agus seachtracha le sprioc thráthúil agus indéanta lena fhoilsiu agus le haghaidh nuashonraithe.
8. Cuir isteach ar chreidiúnú staitisticí oifigiúla (más cuí)

Foilsíú agus craobhscaoileadh

9. Foilsigh an leathanach agus na comhaid dé réir na bpróiseas foilsithe ag baint úsáide as an Content Management System (CMS) le haghaidh suíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.
10. Cuir le liosta na dtacar sonraí nua le haghaidh an fheasacháin ar liosta postála, agus tabhair an scarbhileog rianaithe iniúchta suas chun dáta

*I móran cásanna, is é an Brainse Staidrimh & Taighde Eacnamaíochta an t-úinéir gnó.

Tabhair an Tacar Sonraí Nua Suas Chun Dáta

Seo thíos na céimeanna atá i gceist le tacar sonraí reatha nó táirge eile staitisticí a thabhairt suas chun dáta agus a chothabháil:

Roimh ré

1. Athbhreithnígh an féilire foilsithe ag túis gach míosa
2. Aithin na tacair sonraí atá dlite sa mhí atá le teacht agus nach bhfuil faighe fós
3. Aithin na tacair sonraí atá dlite le foilsíú sa mhí atá le teacht
4. Déan teagmháil le gach úinéir gnó, le haird a tharraingt
 - i. ar an bhféilire foilsithe
 - ii. ar na tacair sonraí atá dlite le foilsíú an mhí seo
 - i. Déan aibhsíú i ndearg ar na tacair sonraí nach bhfuarthas fós
 - iii. ar na tacair sonraí atá dlite le foilsíú an mhí seo chugainn
 - iv. ar an doiciméad maidir le rialú ar noctadh staidrimh
 - v. ar an tuairisc ráithiúil i dtaca le foilseacháin staitisticí

Faigh an tacar sonraí

5. Athbhreithnígh an tacar sonraí, de réir an tseiciosta don phiarmheasúnú
6. Tabhair an féilire suas chun dáta

Foilsíú agus Craobhscaoileadh

7. Críochnaigh an próiseas foilsithe in CMS le haghaidh shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.
8. Cuir le liosta na ‘nuashonraithe’ don fheasachán ar liosta postála.

Próiseas Foilsithe

Seo thíos na céimeanna atá i gceist le tacar sonraí nó táirge eile staitisticí a fhoilsiú ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim:

1. Faigh agus athbhreithnigh an tacar sonraí nó an tuairisc ón úsáideoir gnó
2. Más ceann nua atá ann
 - a. Cinnigh go ndéanann seirbhís inmheánach aistriúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim aistriúchán ar na leathanaigh téacs
- Más nuashonrú atá ann:
 - b. Tabhair na leathanaigh Bhéarla agus Ghaeilge suas chun dáta ó thaobh meiteashonraí de
3. Cruthaigh comhaid CSV agus na comhaid 'lena léamh ag daoine' (PDF, Excel nó HTML)
4. Tabhair an tairseach Sonraí Oscailte suas chun dáta, lena n-áirítear meiteashonraí nuashonraithe
5. Cuir Oifig Preasa na gCoimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoin nuashonrú, agus iarr go seolfaí giolc amach
6. Cuir leis na nuashonraithe don fheasachán ar liosta postála

Cothabháil

Seo thíos na nithe a áirítear le cothabháil ar bhonn leantach d'fhoireann Dearbhaithe Cailíochta na gCoimisinéirí Ioncaim sa Bhrainse Staidrimh & Taighde Eacnamaíochta:

1. An liosta foilsithe agus na féilirí foilsithe
2. Cárla tuairisce foilsithe – le foilsíú gach 3 mhí ar a laghad
3. Coinnigh liosta úsáideoirí le haghaidh feasachán ar liosta postála na gCoimisinéirí Ioncaim
 - a. *Tabhair an liosta suas chun dáta gach Aoine*
 - b. *Seol an cor poist uair sa ráithe ar a laghad*
4. Coinnigh liosta staitisticí nuashonraithe agus nua le haghaidh an fheasacháin
5. Cuir Oifig Preasa na gCoimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi gach nuashonrú
6. Uillmhaigh tuairisc ráithiúil le haghaidh bhainisteoirí na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le líon na n-amharc ar na leathanaigh Staitisticí ar an suíomh idirlín